M.22T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**Scrúdú Ardteistiméireachta, 2005**

**STAIR - ARDLEIBHÉAL**

(400 marc)

**DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 - 5.20**

---

**Ná freagair ach as AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II).**
**Tá an líon céanna marcanna ar gach ceist.**

---



THALL →

# CÚRSA I

## Sibhialtacht an Renaissance

## (Stair na hÉireann, 1477-1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna, **A,B,C,D,E.**

## A

**A.1. An Pháil**
Déan trácht ar dhálaí polaitíochta, sóisialta agus eacnamaíochta sa Pháil circa 1500.
(80)

**A.2. Buitléirigh Urmhumhan**
Déan plé ar an bpáirt a ghlac Buitléirigh Urmhumhan i gcúrsaí na hÉireann ó 1477 go dtí bás Anraí VIII.
(80)

**A.3. An Eaglais in Éirinn**
Déan trácht ar staid na hEaglaise in Éirinn roimh an Reifirméisean.
(80)

**A.4. Géilleadh agus Athbhronnadh**
Tabhair tuairim ar an mbrí a bhí le polasaí "géilleadh agus athbhronnadh" agus ar na haidhmeanna a bhí ag an bpolasaí sin agus ar na torthaí a bhí leis.
(80)

**A.5. Éadbhard VI agus Máire Túdar**
Tabhair breithmheas ar an tionchar ar Éirinn a bhí ag réimeas Éadbhard VI (1547 – 1553) agus ag réimeas Mháire Túdar (1553 – 1558).
(80)

## B

**B.1. Éire agus Albain**
Déan trácht ar na ceangail a bhí idir Éire agus Albain i gcúrsaí polaitíochta agus i gcúrsaí míleata sa dara leath den séú haois déag.
(80)

**B.2. Uí Néill Thír Eoghain**
Mínigh cén fáth go mba mhó an dúshlán do riail na dTúdarach in Éirinn é Aodh Ó Néill ná Seán Ó Néill.
(80)

**B.3. An Frith-Reifirméisean in Éirinn**
Déan plé ar cé chomh mór is a bhí tionchar ag an bhFrith-Reifirméisean ar Éirinn ó 1542 ar aghaidh.
(80)

**B.4. Séamas Mac Muiris Mac Gearailt**
Déan plé ar an bpáirt a ghlac Séamas Mac Muiris Mac Gearailt i gcúrsaí na Mumhan i rith réimeas Eilís I, 1558 – 1603.
(80)

**B.5. Plandálacha**
An gceapann tú gur éirigh níos fearr le Plandáil Uladh ná mar a d'éirigh le Plandáil na Mumhan? Mínigh do fhreagra.
(80)

## C

**C.1. Fernando agus Isabel**
Déan cur síos ar na modhanna a d'úsáid Fernando agus Isabel chun a gcuid cumhachta a dhaingniú sa Spáinn agus tabhair breithmheas ar cé chomh mór is a d'éirigh leo.
(80)

**C.2. Diúcacht na Burgúine**
Déan plé ar thionchar Dhiúcacht na Burgúine ar chúrsaí polaitíochta agus cultúrtha na hEorpa i ndeireadh an chúigiú haois déag.
(80)

**C.3. Forleathnú na Portaingéile thar lear**
"Is éard a bhí i bhforleathnú na Portaingéile thar lear ná taiscéalaíocht, coilíniú agus trádáil."
Déan plé air sin.
(80)

**C.4. Flórans le linn an Renaissance**
Tabhair breithmheas ar an bpáirt a ghlac Flórans i Renaissance na hIodáile.
(80)

**C.5. An Fhrainc agus an Iodáil**
Déan trácht ar an bpáirt a ghlac ríthe na Fraince i gcúrsaí na hIodáile i rith na tréimhse, 1494 – 1529.
(80)

## D

**D.1. An Reifirméisean san Eilvéis**
Déan plé ar an bpáirt a ghlac Zwingli agus Calvin sa Reifirméisean san Eilvéis.
(80)

**D.2. An Frith-Reifirméisean**
Déan trácht ar láidreachtaí agus ar laigí an Fhrith-Reifirméisin.
(80)

**D.3. Na Cogaí faoi Chreideamh sa Fhrainc**
"Níorbh é creideamh an t-aon chúis amháin a bhí le cogaí faoi chreideamh sa Fhrainc."
Déan plé air sin.
(80)

**D.4. Eilís I, 1558 - 1603**
Tabhair breithmheas ar thábhacht réimeas Eilís I i stair Shasana.
(80)

**D.5. Éirí Amach na hÍsiltíre, 1566 - 1609**
"Is mó cúis a bhí le hÉirí Amach na hÍsiltíre, 1566 – 1609, agus ghlac grúpaí éagsúla daoine páirt ann."
Déan plé air sin.
(80)

## E

**E.1. Éire, 1477 – 1625**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar taighde i Stair na hÉireann, 1477 – 1625, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air, ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **A** nó i Roinn **B**. (60)

**(ii)** Ainmnigh go beacht **DHÁ** fhoinse a scrúdaigh tú agus déan cur síos ar an taighde, mar a thug tú féin faoi, ón gcéad smaoineamh go dtí an leagan deiridh.
(20)

**E.2. Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Gearóid Mór Mac Gearailt.
**(ii)** Na bailte móra agus trádáil in Éirinn sa séú haois déag.
**(iii)** Uachtaránachtaí na Mumhan agus Chonnacht.
**(iv)** Armáid na Spáinne agus Éire.
**(v)** Litríocht i nGaeilge in Éirinn, 1477 – 1625.
(80)

**E.3. An Eoraip, 1453 – 1618**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar taighde i Stair na hEorpa, 1453 – 1618, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air, ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **C** nó i Roinn **D**. (60)

**(ii)** Ainmnigh go beacht **DHÁ** fhoinse a scrúdaigh tú agus dean cur síos ar an taighde, mar a thug tú féin faoi, ón gcéad smaoineamh go dtí an leagan deiridh.
(20)

**E.4. Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Na Turcaigh Otamánacha, 1453 – 1571.
**(ii)** Gabháil Mheicsiceo agus Pheiriú.
**(iii)** Scaipeadh an Liútaránachais sa Ghearmáin.
**(iv)** Desiderius Erasmus.
**(v)** Litríocht sna teangacha dúchasacha, 1453 – 1618
(80)



**THALL→**

# CÚRSA II

## Sibhialtacht na Linne Seo

## (Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna **A,B,C,D,E.**

### A

**A.1.** **Ceist na Talún**
An gceapann tú go ndearna na Coimeádaigh níos mó ná mar a rinne na Liobrálaigh chun "ceist na talún" a réiteach sa tréimhse, 1870 – 1903? Mínigh do fhreagra.
(80)

**A.2.** **Parnell**
Cén chaoi ar tharla sé go raibh Parnell ina phearsantacht pholaitíochta chomh ceannasach agus chomh héifeachtach sin faoi 1886?
(80)

**A.3.** **Aontachtas Éireannach, 1886 - 1914**
Cén fáth gur éirigh leis na hAontachtaithe nuair a chuir siad i gcoinne Rialtas Dúchais d'Éirinn i rith na tréimhse, 1886 – 1914?
(80)

**A.4.** **Náisiúnachas Cultúrtha**
Na gluaiseachtaí cultúrtha éagsúla ó 1884 i leith, mínigh conas a chabhraigh siad chun Éirí Amach 1916 in Éirinn a thabhairt i gcrích.
(80)

**A.5.** **Art Ó Gríofa**
Tabhair breithmheas ar ról Airt Uí Ghríofa i gcúrsaí na hÉireann i rith na tréimhse, 1898 – 1922.
(80)

### B

**B.1.** **Cogadh Cathartha na hÉireann, 1922 – 1923**
Scríobh breac-chuntas ar bhunús, ar imeachtaí agus ar thoradh Chogadh Cathartha na hÉireann, 1922 – 1923.
(80)

**B.2.** **Polasaí Eachtrach, 1922 – 1966**
Déan plé ar pholasaí eachtrach mar a chleacht na rialtais éagsúla in Éirinn é i rith na tréimhse, 1922 – 1966.
(80)

**B.3.** **Éire i rith an Dara Cogadh Domhanda**
Cérbh iad na deacrachtaí a bhí le sárú ag an tír seo i rith na mblianta, 1939 – 1945, agus conas a rinne an rialtas iarracht dul i ngleic leo?
(80)

**B.4.** **An Chéad Rialtas Idir-Pháirtí, 1948 - 1951**
Tabhair breithmheas ar an gcaoi ar éirigh leis an gCéad Rialtas Idir-Pháirtí i gcúrsaí áirithe agus ar an gcaoi ar theip air i gcúrsaí eile, 1948 – 1951.
(80)

**B.5.** **Éire, Thuaidh agus Theas, 1945 - 1966**
"Sa tréimhse tar éis 1945, tharla cuid mhór athruithe in Éirinn, thuaidh agus theas." Déan plé air sin.
(80)

### C

**C.1.** **An Bhreatain Mhór, 1870 – 1914**
Cérbh iad na leasuithe a cuireadh i gcrích sa Bhreatain Mhór i rith na tréimhse, 1870 – 1914, agus cé chomh maith is a d'eirigh leo?
(80)

**C.2.** **Ceist an Oirthir**
Cé chomh mór is a bhí "Ceist an Oirthir" mar chúis teannais san Eoraip i rith na tréimhse, 1870 – 1914?
(80)

**C.3.** **Rúis na Sár, 1904 – 1917**
Déan plé ar chás na Rúise sa tréimhse, 1904 – 1917, tráth a raibh réabhlóidí ar siúl sa bhaile agus cogaí i gcéin.
(80)

**C.4.** **Caidreamh Idirnáisiúnta, 1890 – 1914**
"Ó thurnamh Bismarck, 1890, go dtí briseadh amach an Chéad Chogaidh Dhomhanda, 1914, chuaigh caidreamh idirnáisiúnta in olcas."
Déan plé air sin.
(80)

**C.5.** **An Chéad Chogadh Domhanda**
Déan plé ar straitéis mhíleata agus ar straitéis mhara na Gearmáine sa Chéad Chogadh Domhanda.
(80)

## D

**D.1. An Fhrainc, 1919 – 1940**
Tabhair cúiseanna le meath agus le turnamh Thríú Poblacht na Fraince i rith na tréimhse, 1919 – 1940.
(80)

**D.2. Stalin**
"Ó bhás Lenin, 1924, suas go dtí go ndearna Hitler ionradh ar an Rúis, 1941, dhaingnigh Stalin a chumhacht phearsanta agus d'athraigh sé an A.P.S.S. ó bhonn."
Déan plé air sin.
(80)

**D.3. An Ghearmáin Naitsíoch, 1933 – 1939**
Cén chaoi ar iompaigh Hitler agus an Páirtí Naitsíoch an Ghearmáin isteach ina stát ina raibh ollsmacht i bhfeidhm i rith na tréimhse, 1933 – 1939?
(80)

**D.4. An Dara Cogadh Domhanda**
Tabhair breithmheas ar an tábhacht a bhain le cúrsaí cogaidh i gceantar na Meán-Mhara i rith an Dara Cogadh Domhanda.
(80)

**D.5. An Cogadh Fuar**
Tabhair cúiseanna le teacht i dtreis an Chogaidh Fhuair san Eoraip i rith na tréimhse, 1945 – 1966.
(80)

## E

**E.1. Éire, 1868 – 1966**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar taighde i Stair na hÉireann, 1868 – 1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air, ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **A** nó i Roinn **B**.
(60)

**(ii)** Ainmnigh go beacht **DHÁ** fhoinse a scrúdaigh tú agus déan cur síos ar an taighde, mar a thug tú féin faoi, ón gcéad smaoineamh go dtí an leagan deiridh.
(20)

**E.2. Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Micheál Dáibhid.
**(ii)** "Ag marú Rialtas Dúchais le cineáltas."
**(iii)** Seán Réamonn.
**(iv)** Tuaisceart Éireann, 1920 – 1945.
**(v)** Geilleagar na hÉireann, 1922 – 1966.

(80)

**E.3. An Eoraip, 1870 – 1966**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar taighde i Stair na hEorpa, 1870 – 1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air, ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **C** nó i Roinn **D**.
(60)

**(ii)** Ainmnigh go beacht **DHÁ** fhoinse a scrúdaigh tú agus déan cur síos ar an taighde, mar a thug tú féin faoi, ón gcéad smaoineamh go dtí an leagan deiridh.
(20)

**E.4. Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** An Iodáil, 1870 – 1914.
**(ii)** Sóisialachas, 1870 – 1918.
**(iii)** Socrú Versailles, 1919.
**(iv)** An A.P.S.S. agus an Dara Cogadh Domhanda.
**(v)** Céimeanna i dtreo na hAontachta san Eoraip, 1945 – 1966.

m(80)

Leathanach Bán